

RÁITEAS FRITHCHALAOISE

Réamhrá

Éilíonn Foras na Gaeilge ar gach ball foirne gníomhú go macánta agus go hionraic i gcónaí agus na hacmhainní poiblí as a bhfuil siad freagrach a chosaint. Tá na hacmhainní seo faoi bhagairt calaoise de shíor agus, dá bhrí sin, ní mór go mbeadh sí ina hábhar imní do gach ball foirne. Is é atá i gceist leis an ráiteas seo ár ndualgais laistigh d'Fhoras na Gaeilge a leagan amach maidir le cosc calaoise.

Cad is calaois ann?

Úsáidtear an téarma le cur síos ar ghníomhartha amhail cluain, breabaireacht, brionnú, sracadh, gadaíocht, comhcheilg, claonchasadh, mídhilsiú, uiríoll bhréagach, ceilt fíoras ábhartha agus claonpháirtíocht. Ar chuspóirí praiticiúla, féadtar calaois a shainmhíniú mar chluain a úsáid leis an intinn buntáiste a bhreith, dualgas a sheachaint nó bheith mar chúis cailteanais do pháirtí eile.

Freagrachtaí

Tá an Feidhmeannas freagrach as:

- a) rialuithe éifeachtacha a fhorbairt agus a choimeád maidir le calaois a chosc;
- b) dianfhiosruithe a dhéanamh ar an toirt i gcás calaoise;
- c) caingean dlí agus/nó gníomh smachtaithe a dhéanamh in aghaidh lucht déanta calaoise;
- d) gníomh smachtaithe a dhéanamh in aghaidh maoirseoirí sa chás go bhfuil baint idir mainneachtana maoirseoireachta agus gníomhú calaoiseach;
- e) na rioscaí a aithint maidir le córais agus modhanna imeachta atá faoi lé calaoise;
- f) a chinntiú go bhfuil na rialuithe á gcomhlíonadh.

Tá baill foirne aonair freagrach as:

- g) gníomhú go cuí maidir le húsáid acmhainní oifigiúla agus le láimhseáil agus úsáid cistí poiblí bíodh siad bainteach le córais airgid thirim nó íocaíochtaí, sonraisc nó ag plé le conraitheoirí nó soláthróirí;
- h) sonraí a thuairisciú láithreach má tá amhras orthu go bhfuil calaois á déanamh nó má fheiceann siad gníomhartha nó ócáidí amhrasacha ar bith.

Is ceart tuairisciú don Bhainisteoir Líne, nó sa chás go bhfuil baint aici/aige leis an chás don Phríomhfheidhmeannach nó má tá baint ag an PF leis an chás dó Chathaoirleach nó do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta.

Is ceart an polasaí Sceithreachta a bhreathnú agus an treoir sin a leanúint maidir le tuairisciú.

Eitic agus Iompar Foirne

Mar mhaoirseoirí cistí poiblí, ní mór go mbeidh baill foirne thar a bheith ionraic, cuíuil agus macánta agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus gur léir do chách gur mar sin atá. Ná glacadh baill foirne le bronntanais, aíocht, nó sochair chomhchineáil ó thríú páirtí as a dtuigfí dá bharr gur laige de a mbreithiúnas nó a macántacht phearsanta.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an pholasaí seo.